Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11154/23**

**ECOFIN 678**
**UEM 212**
**SOC 503**
**EMPL 354**
**COMPET 698**
**ENV 777**
**EDUC 290**
**RECH 322**
**ENER 413**
**JAI 925**
**GENDER 154**
**ANTIDISCRIM 148**
**JEUN 192**
**SAN 429**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9848/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 622 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Portaingéile um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar an Moladh ón gCoimisiún COM (2023) 622 final.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Portaingéile um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle**
**maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (‘an tSaoráid’), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil inar sainaithníodh an Phortaingéil mar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí. Mar sin, bheadh gá le grinn-athbhreithniú. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Portaingéile don bhliain 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhphháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

[4] Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré na Glan-nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíocht. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 22 Aibreán 2021, chuir an Phortaingéil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Phortaingéil[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an Portaingéil tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil nach ndeachthas siar ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna a baineadh amach roimhe sin.

(10) An 29 Aibreán 2023, thíolaic an Phortaingéil a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 29 Aibreán 2023, a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú don bhliain 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Portaingéile maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

---

6 10149/21; 10149/21 ADD 1; 10149/21 ADD 1 REV 1.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don Phortaingéil. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Portaingéile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an bPortaingéil agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Phortaingéil. Go háirithe, tá leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach, rialtais agus seachtrach ag cúlú ach tá siad fós ann. Tar éis briseadh sealadach de dheasca ráig na paindéime COVID-19, d'fhill cóimheasa fiachais na hearnála príobháidí agus an rialtais ar chonairí atá ag meath in 2021 agus meastar go leanfaidh siad de bheith ag meath, agus fás eacnamaíoch ina bhfabhar. Cé go bhfuil na cóimheasa sin faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim, tá siad fós ag leibhéil ardaithe. Tháinig feabhas freisin ar an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta chomh maith, ar léir é a bheith diúltach, roimh phaindéim COVID-19 agus ina diaidh, agus meastar go dtiocfaidh an féichiúnas seachtrach chun cinn tuilleadh, le tacaíocht ón bhfás eacnamaíoch leanúnach in ainneoin moilliú éigin in 2023. In 2022 chuaigh an t-easnamh beag sa chuntas reatha in olcas, rud a léirigh praghsanna fuinnimh níos airde ach maolaíodh an meath sin leis an téarnamh suntasach breise in onnmhairí, go háirithe onnmhairí turasóireachta. As seo amach, leis an laghdú leanúnach ar phraghsanna fuinnimh agus an méadú breise ar onnmhairí turasóireachta toimhdithe, chomh maith le beartais leanúnacha chun tacú le héifeachtúlacht fuinnimh agus le foinsí in-athnuaite fuinnimh, meastar go ndéanfar an cuntas reatha a chomhardú go dtacófar tuilleadh le staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta. Tá méadú mór tagtha ar phraghsanna tithe le roinnt blianta anuas, agus lean iasachtaí neamhthuillmheacha de bheith ag laghdú óna leibhéil mheasartha a bhí ann cheana féin. Dá mbeadh na dálaí airgeadais níos déine agus dá leanfadh an timpeallacht sheachtrach de bheith neamhchinnte, d'fhéadfadh sé go gcuirfí bac ar laghdú breise ar leochaileachtaí agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar an bhfás eacnamaíoch.. Rinneadh dul chun cinn fabhrach ó thaobh an bheartais de, inar díríodh go háirithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, agus ba cheart tuilleadh feabhsuithe a chur ar fáil trí leanúint de chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(13) Dé réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na Portaingéile ó 2.9 % de OTI in 2021 go 0.4 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 125.4 % de OTI ag deireadh 2021 go 113.9 % ag deireadh 2022.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin lena laghdaítear ioncam laghdú ginearálta ar cháin bhreosla agus reo an ráta carbóin faoin gcáin bhreosla, agus áiríodh sna bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas tacaíocht íocaíochta aonuaire a bhí iníoctha i mí Dheireadh Fómhair 2022 le haghaidh grúpaí daonra éagsúla, mar shampla pinsinéirí, fostaithe, leanaí agus an óige, íocaíochtaí cnapshuime leis na teaghlaigh ar ioncam íseal arb iad is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh méadaitheacha, agus leithdháileadh ar an gcóras náisiúnta leictreachais chun taraifí eangaí leictreachais a laghdú. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 2.0 % de OTI. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID19-, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0.8 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 2.0 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle go mbainfeadh an Phortaingéil[7] úsáid as an tSaoráid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici ag an am céanna. Ina theannta sin, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an Phortaingéil infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus teorainn a chuir leis an bhfás ar chaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta.

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 inar tugadh tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 102).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[8] thacúil ann in 2022 agus -1.5 % de OTI. Mar a mhol an Chomhairle, lean an Portaingéil de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí arna maoiniú tríd an tSaoráid. 1.2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ag cistí eile de chuid an Aontais (1.7 % de OTI a bhí ann in 2021). Is mar gheall ar an gcaiteachas níos ísle a maoiníodh le cistí eile de chuid an Aontais a tharla an laghdú sin ar chaiteachas in 2022, agus tháinig méadú ar an gcaiteachas sin a mhaoinigh an tSaoráid idir 2021 agus 2022. Leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta soláthraíodh rannchuidiú crapthach 0.1 pointe céatadáin don staid fhioscach[9]. Dá bhrí sin, níor chaomhnaigh an Phortaingéil infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, rud nach raibh i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. An tráth céanna, sholáthar an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) rannchuidiú forleathnaitheach dar méid 1.9 pointe céatadáin don staid fhioscach. Áiríodh leis an rannchuidiú suntasach forleathnaitheach sin tionchar breise na mbeart a rinneadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú (glanchostas buiséadach breise 2.0 % de OTI). Dá bhrí sin, chuir an Phortaingéil teorainn leormhaith leis an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

(17) Tá an cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023 faichilleach in 2023, agus is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún agus na blianta ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 1.8 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 2.0 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún gur fíorfhás OTI níos airde de 2.4 % a bheidh ann in 2023, agus gur fás beagán níos ísle de 1.8 % a bheidh ann in 2024. Mínítear an difríocht sin le ranníocaíocht fáis níos airde ó ghlan-onnmhairí i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, agus tá an rialtas ag súil le fás níos airde ar infheistíocht in 2023 agus in 2024 araon.

---

8 Is é an rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

9 Le caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta, soláthraíodh ranníocaíocht fhorleathnaitheach dar luach 0.2 pointe céatadáin de OTI.

(18) Ina Chlár Cobhsaíochta 2023, tá an rialtas ag súil go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta ag 0.4 % de OTI in 2023. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 113.9 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 107.5 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 0.1 % de OTI ann le haghaidh 2023. Tá sé sin níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar ioncam níos airde a réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, mar atá ó chánacha indíreacha agus ó chánacha díreacha araon. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachas rialtais-OTI níos ísle de 106.2 % ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht den chuid is mó ná an difreálach ráta úis fáis lena laghdaítear fiachas atá níos fabhraí agus atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún.

(19) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó bhí 2022 ann, go háirithe íocaíochtaí cnapshuime leis na teaghlaigh ar ioncam íseal arb iad is leochailí i leith praghsanna méadaithe fuinnimh, laghdú ginearálta ar cháin bhreosla agus reo an ráta carbóin faoin gcáin bhreosla, chomh maith le bearta a fógraíodh cheana in 2022 ach a mbeidh tionchar acu ar chomhardú an rialtais in 2023, mar shampla an leithdháileadh chun tacú leis an gcóras idirthréimhseach chun praghsanna gáis a íocann gnólachtaí atá i bhfeidhm ar feadh na bliana a chobhsú. Réamh-mheastar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 0.8 % de OTI in 2023[10]. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0.3 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 1 % de OTI in 2022). Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 0.8 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

10 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le, i gcás inarb ábhartha, bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Portaingéile um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Portaingéile 2022, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 181).

(20) Sa mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfaidh an Phortaingéil beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, ba cheart don Phortaingéil a bheith réidh chun an caiteachas atá ann faoi láthair a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Phortaingéil freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

[12] Bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar go mbeidh fás aschuir ionchasach meántéarmach (meán 10 mbliana) na Portaingéile ag 7.6 % i dtéarmaí ainmniúla.

(21) In 2023, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún gur staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheidh ann (-0.7 % de OTI), tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh do staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (-1.5 % de OTI). Maidir leis an bhfás ar an gcaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta ioncaim) in 2023, meastar go soláthrófar rannchuidiú crapthach de 0.3 pointe céatadáin leis an staid fhoriomlán fhioscach leis an bhfás sin. Dá bhrí sin, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Ó thaobh substainte de, is é is cúis le ranníocaíocht chrapthach réamh-mheasta an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta costais laghdaithe na mbeart tacaíochta (spriocdhírithe agus neamh-spriocdhírithe) do theaghlaigh agus do ghnólachtaí mar fhreagairt ar ardú praghsanna fuinnimh (faoi 1.1 pointe céatadáin de OTI). Is iad na príomhchúiseanna leis an bhfás i gcaiteachas príomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) ná an brú leanúnach ar chaiteachas poiblí reatha, lena n-áirítear ar phá na hearnála poiblí agus ar phinsin, go háirithe mar gheall ar na méaduithe buana ar phá na hearnála poiblí agus méaduithe ar phinsin lánroghnacha. Meastar gur 2.2 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0.3 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an bPortaingéil an infheistíocht a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú[14]. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus don tslándáil fuinnimh, lena n-áirítear trí thionscadail dícharbónaithe tionscail, táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus gáis in-athnuaite eile, agus digitiú scoileanna, ar áiteanna iad a chistítear go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

---

13 Meastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach 0.3 pointe céatadáin de OTI, arna spreagadh go háirithe ag na haistrithe caipitil laghdaithe measta chuig fiontair faoi úinéireacht an stáit in 2023.

14 Ba é 2.2 % de OTI an caiteachas arna mhaoiniú ag deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ag cistí eile ón Aontas in 2023, agus thug infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach de 0.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Leis an gcaiteachas caipitil eile a mhaoinítear go náisiúnta, táthar ag tuar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0.1 pointe céatadáin de OTI.

(22) I ghlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh easnamh rialtais ghinearálta de réir a chéile go 0.2 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 den chuid is mó an t-imshrianadh atá beartaithe don chaiteachas reatha, go háirithe maidir le tomhaltas idirmheánach, cúiteamh d'fhostaithe agus fóirdheontais, mar aon le fás marthanach ar thaobh an ioncaim. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú go 103.0 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 0.1 % de OTI in 2024. Tá sé sin beagán níos ísle ná an t-easnamh a thuartar i gClár Cobhsaíochta 2023, mar gheall ar fhás ioncaim níos buacach den chuid is mó, go háirithe i gcánacha, atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún . I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ar aon dul le 103.1 % ag deireadh 2024.

(23) Ní áirítear i gClár Cobhsaíochta 2023 faisnéis maidir le deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh in 2024. Faoi láthair, glacann an Coimisiún leis go gcuirfear deireadh go hiomlán de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh in 2024. Tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh agus 0.5 % de OTI mar thagarmharc[15]. Agus breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí á gcur san áireamh, bheadh sé iomchuí feabhas a chur ar chomhardú struchtúrach 0.3 % ar a laghad de OTI do 2024, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[16] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 1.8 %, mar a léirítear sa Mholadh seo. Ag an am céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (arna mheas ag an gCoimisiún faoi láthair ag 0.8 % de OTI in 2023) in 2023, má cheadaítear sin le forbairtí sa mhargadh fuinnimh agus ag tosú leis na bearta is lú spriocdhírithe, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú.

(25) Má ghlactar leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún réamh-mheastar maidir le glanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta go bhfásfaidh sé 2.8 % in 2024, ráta atá os cionn an ráta fáis a mholtar. Is lú an coigeartú a thuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ná an coigilteas a thiocfaidh as deireadh iomlán a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh. Is é is cúis leis sin bearta lena méadaítear caiteachas lena ngabhann tionchar a réamh-mheastar a bheith buan agus athchóirithe ar cháin ioncaim phearsanta lena laghdaítear ioncam.

---

15 Ceanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, freisin, coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

16 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh infheistíocht phoiblí ó 3.2 % de OTI in 2023 go 3.4 % de OTI in 2024. An infheistíocht níos airde, is léiriú í ar leibhéal níos airde infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíochta a mhaoiníonn an tAontas, eadhon tríd an tSaoráid. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin bearta chun bainistíocht airgeadais phoiblí a nuachóiriú agus a shimpliú agus chun córais faisnéise bainistíochta airgeadais phoiblí a uasghrádú, mar shampla samhail a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar fhorghníomhú buiséadach agus airgeadais an rialtais ghinearálta, oibríochtú an eintitis chuntasaíochta stáit, chomh maith le buiséadú clár agus athbhreithnithe caiteachais a chomhtháthú sa phróiseas buiséadach rialta, ar cuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta iad.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2027. De réir chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar easnamh rialtais ghinearálta go 0.1 % de OTI in 2025, chun staid bhuiséadach chomhardaithe in 2026 agus chun barrachas beag 0.1 % de OTI a bhaint amach in 2027 ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an Chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 103.0 % ag deireadh 2024 go 92.0 % faoi dheireadh 2027. Dá mba ann do chomhdhéanamh airgeadais phoiblí a chothódh fás, ar thaobh ioncaim agus caiteachais araon an bhuiséid phoiblí, neartófaí inbhuanaitheacht fhadtéarmach fhioscach na Portaingéile agus, ag an am céanna, d'fheabhsófaí an timpeallacht ghnó á fheabhsú agus chuirfí le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Úsáidtear sochair chánach go forleathan i gcóras cánach na Portaingéile, agus tá níos mó ná 500 sochar cánach scaipthe thar níos mó ná 60 téacs dlí. Ar an gcaoi sin, méadaítear castacht an chórais agus laghdaítear a thrédhearcacht; beidh ioncam tarscaoilte ann mar thoradh air freisin . Thairbheodh costéifeachtúlacht na sochar cánach atá ann cheana d’fhaireachán agus de mheasúnú córasach a dhéanamh orthu, rud a d’fhágfadh go bhféadfaí feabhsuithe suntasacha a dhéanamh sa réimse seo. Ina theannta sin, déanann formhuirir stáit agus bhardasacha an córas cánach ioncaim corparáide níos casta, rud a chruthaíonn ualach breise don riarachán cánach agus do ghnólachtaí araon. D’fhéadfaí éifeachtúlacht riarachán ioncaim na Portaingéile a neartú chun comhlíonadh deonach a spreagadh, agus chun imghabháil cánach agus calaois chánach a laghdú ag an am céanna. Tá an costas riaracháin a bhaineann le bailiú cánach ard agus tá méadú breise tagtha air le blianta beaga anuas (méadú thart ar 5 % ó 2018 go 2020). Ag an am céanna, is cosúil go bhfuil an t-am a thógann sé cánacha a íoc sa Phortaingéil níos faide ná mar atá i mBallstáit eile de chuid an Aontais. Na riaráistí cánach a bhí gan íoc a bhí ard cheana féin, lean siad de bheith ag méadú (is éard a bhí iontu 45.9 % den ioncam iomlán faoi dheireadh 2020, ráta i bhfad os cionn mheán an Aontais).

(28) Is beag an cumas a bhí ag na sochar sóisialta faoi chóras cosanta sóisialta na Portaingéile an bhochtaineacht a laghdú agus tháinig laghdú eile air in 2021; lena chois sin bhí an méadú ar sciar na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta ar cheann de na cinn is measa san Aontas (méadú 2.4 % pointe céatadáin), i gcomhthéacs na cobhsaíochta ginearálta i bhformhór na mBallstát. Tá leordhóthanacht an ioncaim íosta fós íseal agus tá sé i bhfad faoi bhun thairseach na bochtaineachta. Is dúshlán iad na figiúirí sin i dtaobh acmhainneacht na Portaingéile na spriocanna laghdaithe bochtaineachta a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Ag an am céanna, tá an córas cosanta sóisialta fós casta, mar is cosúil go bhfuil cuspóirí comhchosúla ag cineálacha éagsúla sochar sóisialta. Is é an toradh a bhíonn ar chastacht agus ilroinnt an chórais cosanta sóisialta rátaí ísle glactha agus easpa fócais éifeachtaigh ar na daoine sin is mó atá i ngátar, rud a chuireann bac ar an gcumhdach agus, ar deireadh, ar leordhóthanacht na sochar sóisialta. Le simpliú na dtairbhí atá ann cheana agus cur chun feidhme tráthúil na straitéise náisiúnta chun an bhochtaineacht a chomhrac, chuirfí le cumas na Portaingéile aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta amach anseo.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile faoi lánseol cé go bhfuil baol ann go mbeidh roinnt moilleanna ann. Chuir an Phortaingéil dhá iarraidh ar íocaíocht isteach, iarrataí a chomhfhreagraíonn do 58 ngarsprioc agus spriocanna atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus eisíocaíocht fhoriomlán EUR 2.98 billiún an toradh a bhí orthu. Tá plean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile uaillmhianach casta. Tá rialachas láidir agus faireachán leanúnach ar an bplean ríthábhachtach chun an baol moilleanna a íoslaghdú. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach i bplean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Portaingéile i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan. An 26 Bealtaine 2023, thíolaic an Phortaingéil leasú ar a plean, a bhfuil athbhreithniú déanta air agus a bhfuil bearta nua ann, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, agus an ranníocaíocht uasta airgeadais mhéadaithe á cur san áireamh ann[17]. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, thíolaic an Phortaingéil a hiarraidh freisin ar thacaíocht iasachta bhreise faoin tSaoráid.

17 Rinneadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Phortaingéil a nuashonrú an 30 Meitheamh 2022 go EUR 15.5 billiún i ndeontais, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241).

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Portaingéile maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa Phortaingéil.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an bPortaingéil a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, le fuinneamh agus leis an aistriú glas.

(32) Tá an Phortaingéil i bhfad faoi bhun mheán an Aontais maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar ciorclach, maidir le táirgiúlacht acmhainní i dtionscail agus maidir leis na táscairí bainistithe dramhaíola, agus tá difríochtaí suntasacha réigiúnacha ann. Tá an meánráta athchúrsála cathrach an-íseal (30.5 % in 2021, i bhfad ó sprioc an Aontais de 50 % faoi 2020) agus bíonn éagsúlachtaí ann ó réigiún go réigiún. Beidh iarrachtaí suntasacha ag teastáil chun spriocanna an Aontais do na 10 mbliana atá romhainn a bhaint amach, lena n-áirítear 55 % den dramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi 2025. Tá gá le feabhsuithe chun dramhaíl a chosc, a íoslaghdú, a scaradh, a athúsáid agus a athchúrsáil, i gcomhréir leis na céimeanna is airde d'ord na réiteach dramhaíola, agus ar an gcaoi sin dramhaíl a atreorú ó láithreáin líonta talún agus ó loisceoirí agus chun áiseanna athchúrsála agus cóireála dramhaíola a nuachóiriú. I measc na samplaí de conas na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr tá muirir líonta talún agus loiscthe a mhéadú, cáin dramhaíola iarmharaí a thabhairt isteach agus muirir a ardú ar bhardais a dteipeann orthu spriocanna athchúrsála a bhaint amach. Ina theannta sin, d'fhéadfaí dlús a chur leis an bpróiseas trí bhailiú ar leithligh dramhaíola a leathnú agus trí scéimeanna a fhorbairt a thuilleadh cur i gcás 'íoc mar a chaitear', 'aisíoc éarlaise' agus Freagracht Leathnaithe Táirgeora.

(33) D'ainneoin an dul chun cinn a rinneadh, lena n-áirítear comhthéacs na géarchéime fuinnimh, tá an Phortaingéil fós ag brath go mór ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, agus is iad ola agus gás atá ag 45 % agus 23 % faoi seach dá meascán fuinnimh in 2021. Ina theannta sin, tá rioscaí ag baint le spleáchas ard na Portaingéile ar ghás le haghaidh táirgeadh leictreachais ó thaobh slándáil an tsoláthair de, go háirithe i bhfianaise ghanntanas na cumhachta hidrileictreacha de dheasca triomaigh níos minice. Chun dlús a chur leis na hiarrachtaí dícharbónaithe, d'fhéadfaí roinnt beart a shaothrú a chuirfeadh leis na hathchóirithe agus leis na hinfheistíochtaí atá mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile agus a rachadh níos faide ná sin. Chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, d'fhéadfadh an Phortaingéil obair leantach a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinne sí anuraidh maidir lena próiseas ceadanna a chuíchóiriú, lena n-áirítear trí acmhainneacht an riaracháin a bhíonn ag déileáil le ceadú a mhéadú, trí dhigitiú i dtáirgeadh foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú agus trí shocruithe pleanála spásúla níos fabhraí a thabhairt isteach le haghaidh gaoth amach ón gcósta, a bhfuil na féidearthachtaí ina leith fós tearcshaothraithe. Bheadh tairbhí ag baint le gníomhaíocht bhreise chun an féintomhaltas a chur chun cinn, lena n-áirítear grianfhuinneamh dín, agus pobail fuinnimh in-athnuaite freisin. In ainneoin an mhéadaithe, tá líon na bpobal fuinnimh in-athnuaite sa Phortaingéil, tá sé fós íseal, agus tá scóip ann maidir lena gceadúnú a éascú agus scéimeanna dreasachtaí a chruthú.

(34) De réir mar a dhéanfar níos mó foinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú, beidh gá le tuilleadh infheistíochta chun an acmhainn stórála agus líonra a mhéadú chun cothromaíocht na heangaí leictreachais a chosaint. D'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint as a hidirnaisc leictreachais a neartú, ós rud é go bhfuil leibhéal an idirnaisc leis an Spáinn fós íseal i gcomparáid lena spriocanna le haghaidh 2030. D'fhéadfaí stádas na heangaí tarchuir agus dáileacháin a fheabhsú tríd an eangach inmheánach a atreisiú, infheistíochtaí breise a dhéanamh i stóráil leictreachais agus digitiú breise a dhéanamh ar an eangach. Le cur chun feidhme céimneach réasúnta íseal na méadar cliste cuirtear bac ar chóras díláraithe táirgthe fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt. Chun aghaidh a thabhairt ar an leibhéal ard spleáchais ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh agus chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, ní mór don Phortaingéil dlús a chur lena hiarrachtaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh sa bhreis ar an méid a leagtar amach i bplean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcláir beartais comhtháthaithe na Portaingéile. Ba cheart do bhearta breise rannchuidiú freisin le haghaidh a thabhairt ar an sciar ard de dhaonra na Portaingéile atá buailte ag an mbochtaineacht fuinnimh. Dá gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun athchóirithe doimhne a dhreasú, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil a chur ar fáil d'iarratasóirí, d'fhéadfaí dlús a chur le glacadh tionscadal athchóirithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil tairbhe a bhaint as creat neartaithe le haghaidh scéimeanna airgeadais chun infheistíocht phríobháideach a ghiaráil le haghaidh athchóiriú atá tíosach ar fhuinneamh. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfadh an Phortaingéil níos mó acmhainní deontasbhunaithe a dhíriú ar theaghlaigh atá i ngátar. Tháinig laghdú 16 % ar thomhaltas gáis nádúrtha sa Phortaingéil sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud a sháraíonn an sprioc laghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/1369[18] ón gComhairle. D'fhéadfadh an Phortaingéil leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[19].

**18** Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

**19** Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(35) Mar gheall ar easnaimh oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Tá ganntanas le sárú ag an bPortaingéil maidir leis na scileanna atá riachtanach chun an t-aistriú glas a bhaint amach, go háirithe in earnálacha na tógála agus na monaraíochta. Bhainfeadh sí tairbhe as a beartais a neartú maidir le huas-sciliú agus athsciliú a bhaineann leis an aistriú glas.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[20] i moladh (1).

[20] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(37) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna le héifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtacht, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais- a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an t-aontas baincéireachta a chur i gcrích. I gcás na Portaingéile, rannchuidíonn moltaí (1), (2), agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara agus an tríú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro.

(38) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a mheasúnú, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus ar Chlár Cobhsaíochta 2023. Léirítear a cuid moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le fiachas rialtais. Cuireann moladh (2) le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (1) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus ó thaobh na moltaí a chur chun feidhme a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro, i gcomhréir le haithris 37.

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Phortaingéil gníomhaíocht in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 1.8 %[21] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024, ach amháin má mheastar go bhfuil ráta tagartha níos airde i nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta comhoiriúnach leis an bPortaingéil a cuspóir buiséadach meántéarma de -0.5 % de OTI a bhaint amach, *inter alia* má tá an caiteachas ar ús níos ísle ná mar atá tuartha faoi láthair ag an gCoimisiún.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Éifeachtacht na gcóras cánach agus cosanta sóisialta a fheabhsú, go háirithe tríd an dá chreat a shimpliú, trí éifeachtúlacht a gcuid córas riaracháin faoi seach a neartú, agus tríd an ualach riaracháin a bhaineann leis sin a laghdú.

21 Meastar go gcomhfhreagraíonn sé sin d'fheabhas bliantúil de 0.3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

2. Dlús a chur le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear trí acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a áirithiú freisin agus, tar éis an aguisín a tíolacadh le déanaí, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an iarraidh bhreise ar iasacht, tús a chur go tapa le cur chun feidhme na mbeart gaolmhar. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúth-chomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh an aistrithe i dtreo geilleagar ciorclach, go háirithe trí chosc dramhaíola, athchúrsáil agus athúsáid a mhéadú, chun dramhaíl a atreorú ó láithreáin líonta talún agus ó loisceoirí.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Dlús breise a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh tríd an nós imeachta údaraithe a shimpliú agus a dhigitiú a thuilleadh chun táirgeadh breise fuinnimh gaoithe a cheadú, go háirithe i limistéir amach ón gcósta, agus grianfhuinneamh, chomh maith le tacú le féintomhaltas fuinnimh agus le pobail fuinnimh atá ag feidhmiú i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Acmhainneacht idirnaisc leictreachais a mhéadú agus na heangacha tarchurtha agus dáileacháin leictreachais a uasghrádú, rud a dhéanfaidh infheistíocht i stóráil leictreachais agus digiteáil na heangaí a chumasú, lena n-áirítear cur chun feidhme céimneach méadair chliste níos tapúla. Dlús a chur le hinfheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh trí scéimeanna airgeadais a chur chun cinn chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh agus tacú le teaghlaigh atá i ngátar. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna na hinniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*